7. Tuairisc spóirt

(a) Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

F	Má tá an ráiteas fíor.
B	Má tá an ráiteas bréagach.
?	Mura bhfuil an t-eolas le fáil.

1. Bhí lucht an spóirt ag dréim leis an scéal. ☐
2. Tugadh bata is bóthar don bhainisteoir. ☐
3. Bhí an lámh in uachtar ag na Gearmánaigh. ☐
4. Bhí lucht leanúna Shasana sna duibheagáin. ☐
5. Bhí soineann ann. ☐
6. Bhí an bainisteoir faoi strus. ☐
7. Ba scoth peileadóra é Keegan nuair a bhí sé óg. ☐
8. Bhí bua na bainisteoireachta aige. ☐
9. Tá sé ag dúil le post eile a fháil gan mhoill. ☐
10. Ceapfar bainisteoir buan roimh an chéad chluiche eile. ☐

[10]

8. Laoch an Spidéil

(a) Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

F ☐ Má tá an ráiteas fíor.

B ☐ Má tá an ráiteas bréagach.

? ☐ Mura bhfuil an t-eolas le fáil.

1. Bhí doineann ann. ☐
2. Ní raibh an áit plódaithe. ☐
3. Bhain sí bonn óir. ☐
4. Níor bhain Gaillimh Cluiche Ceannais na Peile dhá bhliain ó shin. ☐
5. Thug muintir na hÉireann an-tacaíocht di. ☐
6. Bhí sí an-mhórtasach. ☐
7. Tá Éadaoin dátheangach. ☐
8. Imríonn a deartháireacha ar fhoireann peile an chontae. ☐
9. Ghlac sí páirt sna Cluichí Oilimpeacha in Atlanta. ☐
10. Tá rún aici éirí as an spórt go luath. ☐

[10]

9. Na Cluichí Oilimpeacha

(a) Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

F	Má tá an ráiteas fíor.
B	Má tá an ráiteas bréagach.
?	Mura bhfuil an t-eolas le fáil.

1. Bhí muintir na hÉireann thar a bheith sásta. ☐
2. Bhain Soinia an rás. ☐
3. Bhí Soinia níos lú ná soicind taobh thiar den bhuaiteoir. ☐
4. Bhí sí meallta in Atlanta. ☐
5. Bhí gach duine cinnte de go mbainfeadh sí an rás. ☐
6. Bhí sí chun tosaigh ar feadh cuid mhaith den rás. ☐
7. Is gaiste a rith sí anuraidh. ☐
8. D'fhreastail daoine as Éirinn ar an chomórtas féin. ☐
9. Beidh Soinia páirteach sna Cluichí Oilimpeacha san Aithin. ☐
10. Beidh Soinia ag fanacht san Astráil go ceann míosa eile. ☐

[10]

10. Turas campála

(a) Éist leis an chomhrá agus freagair na ceisteanna a leanas.

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

F	Má tá an ráiteas fíor.
B	Má tá an ráiteas bréagach.
?	Mura bhfuil an t-eolas le fáil.

1. Ba mhaith leis an ghasúr dul a champáil. ☐
2. Tá rún ag Peadar agus ag Seán dul go deisceart na hÉireann. ☐
3. Síleann a mháthair nach bhfuil Pól aosta go leor. ☐
4. Beidh siad ag campáil i dTrá Lí. ☐
5. Tá síob socraithe acu cheana féin ó Thrá Lí chun an Daingin. ☐
6. Deir a mháthair go bhfuil an síobshiúl an-bhaolach. ☐
7. Téann na gasúir eile a champáil gach bliain. ☐
8. Gabhadh girseach go mídhleathach dhá sheachtain ó shin. ☐
9. Ní raibh caill ar an aimsir le tamall anuas. ☐
10. Thug a mháthair cead dó dul ann gan labhairt lena athair faoi. ☐

[10]

11. Gearán faoi laethanta saoire

(a) Éist leis an chomhrá agus freagair na ceisteanna a leanas.

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

F	Má tá an ráiteas fíor.
B	Má tá an ráiteas bréagach.
?	Mura bhfuil an t-eolas le fáil.

1. D'fhan Máire in Éirinn ar a laethanta saoire. ☐
2. Bhí sí ar shiúl ar feadh trí seachtaine. ☐
3. Ba mhaith léi clamhsán a dhéanamh. ☐
4. Is é seo an chéad uair a cheannaigh sí saoire ón chomhlacht seo. ☐
5. Bhí an t-óstán a chonaic sí sa bhróisiúr cois trá. ☐
6. Chuir sí an tsaoire in áirithe mí sular imigh sí. ☐
7. Bhí an gníomhaire iontach borb le Bean Uí Riain. ☐
8. Téann Máire thar lear gach bliain. ☐
9. Bhí an bia san óstán an-bhlasta. ☐
10. Rachaidh sí chuig an ghníomhaire i gceann cúpla lá. ☐

[10]

12. Malartaíocht scoile

(a) Éist leis an chomhrá agus freagair na ceisteanna a leanas.

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

F	Má tá an ráiteas fíor.
B	Má tá an ráiteas bréagach.
?	Mura bhfuil an t-eolas le fáil.

1. Chuaigh Liam thar sáile i rith an tsamhraidh. ☐
2. Dhá mhí a chaith Liam sa Fhrainc. ☐
3. Bhí sé amuigh ar mhalartaíocht scoile. ☐
4. Bhí seisear sa teaghlach Francach. ☐
5. Bhí an teaghlach Francach doicheallach. ☐
6. Chronaigh sé an baile agus é i gcéin. ☐
7. Thaitin an bia go mór leis. ☐
8. Fuair sé a sháith bia gach iarraidh. ☐
9. Aimsir den scoth a bhí ann bunús an ama. ☐
10. Níor mhaith le Liam filleadh ar an Fhrainc. ☐

[10]

13. Turas ar ceal

(a) Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

F	Má tá an ráiteas fíor.
B	Má tá an ráiteas bréagach.
?	Mura bhfuil an t-eolas le fáil.

1. Ba é seo an dara turas a cuireadh ar ceal. ☐
2. Tá cúrsaí go dona sa Mheánoirthear. ☐
3. Moladh don chomhlacht gan dul ar aghaidh leis an turas. ☐
4. Bhí dhá scór go leith turasóir le dul ar an turas. ☐
5. Turas coicíse a bhí beartaithe acu. ☐
6. Ní bhfaighidh na fámairí cúiteamh ar bith. ☐
7. Thaistil turasóirí go hIosrael leis an chomhlacht an mhí seo caite. ☐
8. Chosain an turas míle punt. ☐
9. Reáchtálfar turas eile ar an bhliain seo chugainn. ☐
10. Bhí an turasóir as Contae Aontroma thar a bheith meallta. ☐

[10]

14. Ionad Oidhreachta Árann

(a) Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

F — Má tá an ráiteas fíor.

B — Má tá an ráiteas bréagach.

? — Mura bhfuil an t-eolas le fáil.

1. Tá an tIonad Oidhreachta Ionnaithe i bpríomhbhaile an oileáin. ☐
2. Cuireadh ar bun corradh le scór bliain ó shin é. ☐
3. Tá bunadh an oileáin mórtasach as an Ionad. ☐
4. Is é príomhaidhm an Ionaid cuidiú le muintir an oileáin. ☐
5. Tá seaniarsmaí le feiceáil ar an oileán. ☐
6. Tá léargas san Ionad ar scríbhneoirí an oileáin. ☐
7. Ní bhíonn an tIonad ar oscailt i rith an gheimhridh. ☐
8. Ní bhainfeadh scoláirí tairbhe ar bith as an Ionad. ☐
9. Níor imir an t-oileán tionchar ar na scríbhneoirí. ☐
10. Is fearr turas an oileáin a dhéanamh sula dtabharfaidh tú cuairt ar an Ionad. ☐